An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Tuarascáil Bhliantúil 2009

Clár Ábhar

1. **Ráiteas an Chathaoirligh**

2. **Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh**

3. **An Bord**

4. **Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha**

   4.1 Ról
   4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha

5. **Saothar na Gníomhaireachta sa bhliain 2009**

   5.1 Dul chun Cinn sa bhliain 2009
   5.2 Airgeadas agus Cuntais
   5.3 Clár Ionaid Acmhainne do Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail
   5.4 Deontais do Sheirbhísí Comhairleoireachta Pósta, Leanaí agus Méala
   5.5 Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh
   5.6 Taighde
   5.7 Eolas

6. **Aguisíní**

Aguisín 1 Cruinnithe Boird sa bhliain 2009 agus Fo-Ghrúpaí Boitd
Aguisín 2 Feidhmeanna Reachtúla
Aguisín 3 Struchtúr Eagrúcháin agus Foirniú
Aguisín 4 Áitreabh
Aguisín 5 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2009

1. Ráiteas an Chathaoirligh

Is pribhléid domsa mar Chathaoirleach na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh Tuarascáil Bhliantúil 2009 de ghníomhaíochtaí agus gnóthachain na Gníomhaireachta a chur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Ba bhliain fhíordhúshlánach gan staonadh a bhí sa bhliain 2009 do theaghlaigh in Éirinn, lena n-áirítear na teaghlaigh úd a fuair seirbhísí le tacaíocht ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh. Choinnigh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh uirthi mar bhonn faoi thacaíochtaí ríthábhachtacha agus níos tábhachtaí do theaghlaigh, os coinne chúlra na héiginnteachta eacnamúla nach bhfacthas a macasamhail roimhe seo agus na mbrúnna sóisialta a bhaineann léi.

D'fheidhmigh an Plean Straitéiseach 2007-2009 chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a threisiú mar chuid dá hiarrachtaí na dúshláin sin a shásamh. Shásaigh an Clár Ionaid Acmhainní Teaghlaigh éilimh na bpobal dá bhfónann sé i gcónaí trí mheán a 107 ionad. Ba le tacaíocht na n-oibrithe deonacha a chuidigh na hIonaid Acmhainne Teaghlaigh ar fud na tíre chun comhshaol tacúil a chothú do theaghlaigh, trí sheirbhísí a shaincheapadh chun a n-éilimh dhíreacha a shásamh. D'éascaigh an chabhair dheontais ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh do 597 eagras deonach do theaghlaigh rochtain a fháil ar chomhairleoireacht Pósta, Leanaí agus Méala. Chuidigh seirbhísí 16 oifig Idirghabhála Teaghlaigh na Gníomhaireachta ar fud na tíre le ní ba mhó ná 1,500 lánúin a ghlac an cinneadh chun idirscaradh a fháil cheana féin gan dul i muinín coinbhleachta dlí.

Feabhsaíodh trédhearcacht na seirbhísí úd go léir sa bhliain 2009 trí thabhairt isteach láithreáin ghréasáin nua na Gníomhaireachta www.fsa.ie. Dearadh an tionscnamh seo, in éineacht le forbairtí arna n-urrú ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chun eolas ar líne a sholáthar um chúrsaí tuismitheoireachta, chun cláir thuismitheoireachta d'aoisghrúpaí sonracha do leanaí agus dá dtuismitheoirí, chomh maith le taighde arna chistiú ag FSA, chun a chinntiú go mbíonn an t-eolas ag teaghlaigh i leith na seirbhísí agus saincheisteanna a bhféadann tionchar dearach bheith acu ar a gcuid beathaí.

Níorbh fhéidir na gnóthachain sin a dhéanamh ach amháin trí mheán dhíocas daingean fhoireann na Gníomhaireachta faoi cheannaireacht shaineolach a bPríomhfheidhmeannaigh, Pat Bennett. Molaim iad as a saothar agus tiomantas crua leanúnach, nárbh fhéidir méid ar bith de sin a ghnóthú de cheal sin. Gabhaim buíochas dílis freisin le mo chomhbhaill Bhoird as a dtaithí agus tacaíocht chun cúnamh le treorú na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh.

Ghlac an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh leis an gCód Cleachtais nuashonraithe (2009) do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus tá sí tar éis na bearta éigeantacha a ghlacadh chun a chinntiú go mbíonn sé lán-chomhlíontach leis an gCód Cleachtais faoi cheann na bliana 2010. Táthar i mbun nósanna imeachta do thuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní; agus táthar ag cloí go mionsonrach le beartas taistil agus pá an Rialtais.

Gabhaim buíochas ó chroí ar deireadh leis an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Mary Hanafin, T.D.; agus le hoifigigh na Roinne as ucht soláthar na tacaíochta agus na n-acmhainní a d'éascaigh don Ghníomhaireacht a gcuid cuspóirí a ghnóthú.

Michael O'Kennedy, A.S.,
Cathaoirleach,

2. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

Agus súil siar á caitheamh ar an mbliain 2009, is maith liom gnóthachain mhóra na Gníomhaireachta le linn na bliana a thuairisciú. Treoraítear an saothar a dhéanaimidne trínár bPlean Straitéiseach 2007 - 2009. Chonaiceamar fíor-dhul chun cinn sa bhliain 2009 maidir le forfheidhmiú na straitéise sin agus um chomhlíonadh ár róil mar eochair-sholáthróir seirbhísí do theaghlaigh, go díreach trí Sheirbhís Idirghabhála Teaghlaigh na Gníomhaireachta agus go hindíreach trí go leor pobal araon a sholáthraíonn seirbhísí ag an leibhéal áitiúil.

Choinnigh Clár Ionaid Acmhainne Teaghlaigh (FRC) na Gníomhaireachta air ag feidhmiú a róil sa mhéid sin. Lean na 107 Ionad Acmhainne Teaghlaigh ar aghaidh sa bhliain 2009 ag feidhmiú i bpobail ar fud na tíre, chun cúnamh le comhrac in aghaidh an mhíbhuntáiste agus le feabhsú feidhme an aonaid teaghlaigh, agus na seirbhísí agus gníomhaireachtaí deartha le héilimh phobail áitiúla a shásamh. Leithdháileadh cistiú €17.44 milliún don Chlár FRC sa bhliain 2009.

Is eochairfheidhm den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chun tacú le heagrais deonacha seirbhísí comhairleoireachta pósta/caidrimh, leanaí agus mala a sholáthar i bpobail áitiúla ar fud na tíre. Bhíomar in ann cistiú arbh fhiú €11.37m san iomlán é a sholáthar do 597 de na heagrais úd. Neartaíodh ár dtiomantas dá luach le taighde a rinneadh thiar sa bhliain 2006 inar nochtadh go bhfuair ní ba mhó 70,000 duine seirbhísí comhairleoireachta ar bhealach costéifeachtach mar thoradh ar chistiú na gníomhaireachta.

Choinnigh an tSeirbhís Idirghabhál Teaghlaigh (FMS) uirthi sa bhliain 2009 ag soláthar na seirbhíse bunriachtanaí sin do lánúineacha nuair a bhítear i mbun idirscartha nó colscartha. Ardaíonn na liostaí feithimh don tseirbhís gan staonadh agus tá an Bord ag breathnú go gníomhach ar bhealaí chun na seirbhísí dár gcliaint a fheabhsú.

Ó thaobh an taighde de, chonacthas comhlíonadh roinnt staidéar sa bhliain 2009 lenar áiríodh taighde i ndáil le tacaíocht a thabhairt do theagmháil leanaí, athbhreithniú ar Rannchur na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh agus an staidéar ar ról na Sean-tusimitheoirí i dTeaghlaigh Cholscartha agus Idirscartha, a seoladh thiar i mí na Samhna 2008. Leanadh ar aghaidh leis an saothar ar roinnt tionscadal eile lenar áiríodh iad siúd a bhain le Dinimic agus Cineálacha Teaghlaigh bunaithe ar shonraí Daonáirimh, ag déanamh iniúchta ar dhearcadh agus iompar athraitheach ag a bhféadfadh impleachtaí bheith do chruthú teaghlach in Éirinn agus d'fhorbairt Straitéise Taighde Teaghlaigh.

In ainneoin iarmhairt nach beag an mhoratóir um earcaíocht agus an laghdaithe sa chistiú ar ár sainchúram Eolais, is amhlaidh a baineadh amach dul chun cinn. Soláthraíodh acmhainní ríluachmhara breise do theaghlaigh trí chaidreamh leanúnach na Gníomhaireachta le Barnardos. Tá bunachar sonraí nua de chúrsaí tuismitheoireachta ar fáil anois. Sheol an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2008 acmhainní nua gréasán-bhunaithe atá deartha chun cuidiú le tuismitheoirí – www.barnardos.ie/teenhelp. Airítear leis an gclár déagóirí freisin leabhráin do thuismitheoirí déagóirí.

Mar bhonn faoi shaothar go léir na Gníomhaireachta atá an rannán Seirbhísí Corparáideacha, lena n-áirítear na hAcmhainní Daonna, Cuntais, Párolla agus Bainistiú Saoráidí go léir.

Níorbh fhéidir an iliomad gnóthachan agus an dul chun cinn a imlíniodh sa tuarascáil seo tarlú gan tacaíocht agus tiomantas ó go leor daoine. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Mary Hanafin T.D., agus do na hoifigigh ina Roinnse. Ba mhaithe liom buíochas a ghabháil freisin le Cathaoirleach na Gníomhaireachta, an tUas. Michael O'Kennedy A.S., agus le Bord na Gníomhaireachta atá ag coinneáil orthu ag soláthar tacaíochta den scoth domsa agus d'fhoireann na Gníomhaireachta go léir.

Teastaíonn uaim aitheantas sonrach a thabhairt do na baill fhoirne go léir as a dtiomantas agus díograis leanúnach do sheachadadh seirbhísí na Gníomhaireachta.

Ar deireadh, gabhaim buíochas dílis libhse, na soláthróirí seirbhíse lena n-oibrímid, as bhur dtacaíocht agus díograis do bhur bpobail. Tá súil againn forbairtí na 6 bliana seo caite a chomhdhlúthú amach sa bhliain 2010 le forbairt Plean Straitéisigh nua, agus leanfaimid orainn ag tacú le seirbhísí do theaghlaigh.

Pat Bennett
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

3. An Bord

Is é an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a cheapann Bord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh. Bíonn saineolas agus taithí ag na baill a cheaptar i réimsí na seirbhísí teaghlaigh agus pobail, na comhairleoireachta, na hidirghabhála teaghlaigh, an taighde agus an dlí teaghlaigh.

Cathaoirleach	An tUas. Michael O'Kennedy	Abhcóide Sinsearach
Baill	Iníon Clare Cashman (1)	An Comhordaitheoir Tionscadail, Millennium Resource Centre, Baile an Gharraí, Co. Thiobraid Árann.
	An Seanadóir Maria Corrigan (1)	Síceolaí agus Ball Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
	Iníon Marie Fenlon (2)	Comhordaitheoir, Ionad Acmhainne Teaghlaigh Le Chéile
	An tUas. Geoffrey Corry	Ionadaí Foirne
	Iníon Helen Faughnan	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
	Iníon Angela Gaule (1)	Idirghabhálaí Comhairligh agus Ball Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann
	An tUas. Dick Hickey	Stiúrthóir Ionad Acmhainne Teaghlaigh Naomh Bhríde, Port Láirge.
	Iníon Caroline Murphy	Síceolaí Eagrúcháin agus Craoltóir.
	An Dr. Colm O'Connor (1)	Síceolaí Cliniciúil agus Stiúrthóir Ionad Comhairleoireachta Pósta Chorcaí.
	Iníon Bríd Rocks	Príomhoide, Scoil Uí Mhuirí, Dún Lére, Co. Lú Diop. Comhairleoireachta agus Síciteiripe
	Iníon Muriel Walls	Aturnae agus speisialtóir sa dlí teaghlaigh.

(1) Chríochnaigh téarma oifige 5 Bealtaine 2009
(2) Arna ceapadh 20 Iúil 2009

Féach Aguisín 1 i gcomhair mionsonraí na gcruinnithe Boird sa bhliain 2009 agus i gcomhair mionsonraí na bhFo-Ghrúpaí Boird.

4. Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha

4.1 Ról

Tá ról reachtúil ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, a bunaíodh an 6 Bealtaine 2003, i ndáil le seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh agus beartas teaghlaigh. Leagtar amach feidhmeanna na Gníomhaireachta, arna bhforordú san Acht fám nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001, in Aguisín 2.

4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha

Leagtar amach cúig Thosaíocht Straitéiseacha don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh thar na trí bliana idir 2007 agus 2009 sa dara Plean Straitéiseach dá cuid.

Tosaíocht Straitéiseach 1: Teaghlaigh a threisiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh trí sheachadadh seirbhísí tacaíochta ardcháilíocht i bhfoirm gréasáin Ionad Acmhainne Teaghlaigh, réimse seirbhísí comhairleoireachta le tacaíocht deontais, agus seirbhís idirghabhála teaghlaigh.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Comhshaoil pobail thacúil a chothú do theaghlaigh i gcomhpháirt leis na hearnálacha pobail, deonacha agus reachtúla.

Tosaíocht Straitéiseach 3: Rannchur le héifeachtacht an bheartais agus na seirbhísí teaghlaigh trí thaighde a dhéanamh nó a choimisiúnú i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta nó le cúrsaí eile de réir mar a iarrann an tAire.

Tosaíocht Straitéiseach 4: An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a chur chun cinn mar eochair-sholáthróir seirbhísí tacaíochta agus eolais ghaolmhair do theaghlaigh in Éirinn.

Tosaíocht Straitéiseach 5: Eagras éifeachtach, inoiriúnaithe agus cumasach a fhorbairt le béascna mórtais, nuálaíochta agus feidhmíochta, rud a chothaíonn rannpháirtíocht, forbairt phearsanta agus ghairmréime ag gach aon leibhéal.

Leagtar amach i gCuid 5 an dul chun cinn thar 5 Thosaíocht Straitéiseacha sa bhliain 2009.

5. Saothar na Gníomhaireachta sa bhliain 2009

5.1 Dul chun Cinn sa bhliain 2009

Lean an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ar aghaidh sa bhliain 2009 ag tógáil agus ag feabhsú caidreamh lena geallsealbhóirí chun seachadadh seirbhísí ardcháilíochta a chinntiú do theaghlaigh. Choinnigh an Ghníomhaireacht uirthi freisin ag forbairt a struchtúir eagrúcháin de réir na dtosaíochtaí a leagadh amach i bPlean Straitéiseach na Gníomhaireachta do na blianta 2007 - 2009.

Áirítear le gnóthachain na Gníomhaireachta sa bhliain 2008:

- Soláthar seirbhíse dírí idirghabhála teaghlaigh do thuairim 1400 lánúin ar fud na tíre
- Chríochnaigh 7 oiliúnaithe Clár Oiliúna Cleachtóra um Idirghabháil Teaghlaigh.
- Cistiú do thuairim 597 eagras deonach agus pobail ag soláthar seirbhísí comhairleoireachta, a bhfaigheann 29 acu cistiú ilbhliantúil.
- Cistiú agus tacaíocht do 107 Ionad Acmhainne Teaghlaigh (FRCí)
- Cistiú do 7 nGníomhaireacht Tacaíochta Réigiúnacha chun tacaíocht agus oiliúint theicniúil a sholáthar do FRCí.
- Cistiú do 5 nGníomhaireacht Tacaíochta Speisialtachta chun tacaíocht agus oiliúint a sholáthar do FRCí.
- Comhlíonadh 3 thionscadal taighde chuig na caighdeáin cháilíochta a dteastaíonn ón nGníomhaireacht, dár seoladh ceann amháin acu thiar i mí na Samhna 2009 - Ról na Seantuismitheoirí i dTeaghlaigh Cholscartha agus Idirscartha.
- Forbairt Bunachair Shonraí Náisiúnta de Chláir Thuismitheoireachta. (i gcomhar le Barnardos).
- Formhéadú an chláir Tuismitheoireacht Dhearfach do dhéagóirí trí acmhainn láithreáin ghréasáin a sholáthar do dhéagóirí agus leabhráin do thuismitheoirí déagóirí. (i gcomhar le Barnardos).

Theastaigh tiomantas leanúnach ó na gnóthachain sin ó bhord agus ó fhoireann na Gníomhaireachta agus theastaigh comhairliúchán rialta le geallsealbhóirí na Gníomhaireachta.

Is mian leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh aitheantas a thabhairt do thacaíocht leanúnach na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Sonraítear in Aguisín 3 struchtúr eagrúcháin agus foirniú na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh sa bhliain 2009. Liostaítear 16 áitreabh na Gníomhaireachta ar fud na tíre in Aguisín 4.

5.2 Airgeadas agus Cuntais

B'ionann caiteachas iomlán na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh agus €34.21m sa bhliain 2009. Eisíodh €28.81m den fhigiúr úd go díreach d'eagrais deonacha agus pobail ar fud na tíre. Cheadaigh an leibhéal caiteachais sin do chur ar aghaidh agus comhdhlúthú na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh ag a mbíonn freagracht ag an nGníomhaireacht.

Faightear Cuntais agus Ráiteas Airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain 2009 arna gcur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas ag Aguisín 5.

5.3 Clár Ionaid Acmhainne do Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail

Is ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a bhíonn an fhreagracht chun tacú leis an gClár Ionaid Acmhainn do Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail agus chun é a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Tosaíochtaí Beartais

Is í príomhaidhm an Chláir Ionaid Acmhainne do Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail cúnamh a thabhairt leis an gcomhrac in aghaidh an mhíbhuntáiste trí fheidhm an aonaid teaghlaigh a fheabhsú. Is ann a leagtar béim ar dhlúthbhaint na bpobal áitiúil chun cur chuige a fhorbairt chun dul i ngleic le fadhbanna agus chun comhpháirtíochtaí rathúla a chruthú idir na gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla ina limistéir faoi seach. Feidhmíonn na hIonaid Acmhainne Teaghlaigh daoi chleachtais agus prionsabail na forbartha pobail, agus dlúthbhaint ag daoine ó ghrúpaí imeallacha agus leochaileacha agus ag ceantair faoi mhíbhuntáiste iontu ag gach leibhéal den tionscadal.

Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí

Tá na seirbhísí a sholáthraítear agus na gníomhaíochtaí a dtacaíonn na hionaid acmhainne leo deartha chun éilimh phobail áitiúla a shásamh. Soláthraíonn siad Tacaíocht Teaghlaigh trí sheasamh le héiteas forbartha pobail agus le prionsabal na cuimsitheachta, atá lárnach beirt do luachanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh :-

- Eolas, comhairle agus tacaíocht do spriocghrúpaí agus teaghlaigh sa cheantar.
- Cúnamh praiticiúil do ghrúpaí pobail cosúil leis an oiliúint, eolas agus comhairle.
- Cúrsaí oideachais agus deiseanna oiliúna
- Saoráidí cúraim leanaí dóibh siúd a fhreastalaíonn ar chúrsaí arna soláthar ag an tionscadal.
- Tionscnaimh chun ról na n-aithreacha óga i saol a leanaí a fheabhsú.
- Comhbhaint fear i saol an phobail.
- Grúpaí Tuismitheoirí Aonair
- Grúpaí ban
- Úsáid ionad áitiúil chun feidhmiú mar phointe cruinnithe do ghrúpaí agus seirbhísí éagsúla m.sh. C.I.C., MABS, AA, cruinnithe cónaitheoirí srl.
- Cumainn iarscoile.

Ionaid Chroí-Chistithe

Tá méadú tar éis teacht ar líon na gcroí-ionad cistithe ó 63 chuig 107 sa bhliain 2009 ó fuair an Ghníomhaireacht freagracht as an gClár sa bhliain 2003.



Cistiú

Sonraítear sa tábla thíos an cistiú don Chlár gach aon bhliain idir 2003 agus 2009 :-



Líonrú

Tugann an Ghníomhaireacht spreagadh do líonrú i measc Ionad Acmhainne Teaghlaigh ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. Leithdháileadh €70,108 d'Fhóram Náisiúnta na nIonad Acmhainne Teaghlaigh (FRC) sa bhliain 2009 chun an líonrú sin a spreagadh agus a neartú. Bhí cruinnithe ráithiúla ag an nGníomhaireacht freisin le Fóram Náisiúnta na nIonad Acmhainne Teaghlaigh.

Measúnú

Tá córas féin-mheasúnaithe bogearraí-bhunaithe ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh dar teideal SPEAK FRC (Córas Féin-mheasúnaithe agus Pleanála Straitéisí) atá ar fáil do gach aon Ionad Acmhainne Teaghlaigh (FRC). Gné uathúil den SPEAK FRC is ea gur féidir leis feidhmiú thar il-FRCí ionas go gcomhordaítear na sonraí a bhailítear ó gach aon Tionscadal i mbunachar sonraí uileghabhálach. Chuir an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh an bunachar sonraí sin ar fáil d'Fhóram Réigiúnach na FRCí, don Líonra Gníomhaireachta Tacaíochta agus do FRCí aonair. Baintear leas as an mbunachar sonraí seo le comhbhailiú tuarascála ag leibhéal cláir a mhúnlú, ina léirítear aschuir agus tionchair shaothair na FRCí agus a fhoilsítear ar bhonn bliantúil. Tá tuairisceáin SPEAK FRC thar shé bliana ag leibhéal cláir anois ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, lena mbaineann tuairim 450 tacar sonraí aonair.

Feictear príomhthairbhe an SPEAK FRC ag leibhéal an FRC. Is anseo a thugtar spreagadh d'fhoireann agus oibrithe deonacha am a ghlacadh chun machnamh faoin rannchur a bhaineann lena FRC dá bpobal áitiúil agus chun faisnéis a chomhroinnt faoi na nithe a chuidíonn agus a chuireann bac leis an saothar laistigh de gach aon FRC. Tugann an chomhroinnt faisnéise sin rannchur mór ag an leibhéal cláir agus téann sí chun sochair gach aon Ionad Acmhainne Teaghlaigh. Soláthraíonn sí forbhreathnú don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freisin i leith an Chláir agus mionsonraí an tsaothair agus na tionchair a bhíonn aige ar an talamh.

Táthar ag tiomsú tuarascála faoi láthair ar fhaisnéis a sholáthair na hIonaid Acmhainne Teaghlaigh a bhaineann leas as SPEAK, agus cuirfear ar fáil í ar láithreán gréasáin an FSA (*www.fsa.ie*). Táthar tar éis bunachar sonraí rí-chumasach a chruthú le SPEAK chun an clár iomlán agus na torthaí a bheidh air a thuiscint, agus níos tábhachtaí chun tionchar a fheidhmiú ar threo an chláir agus ar limistéir ghaolmhara an bheartais agus an chleachtais.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hoiliúint agus oiliúint athnuachana ar an tsamhail mheasúnaithe SPEAK do ghrúpaí nua agus bunaithe sa Chlár.

Tacaíocht d'Ionaid Acmhainne Teaghlaigh

D'fhostaigh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh roinnt Gníomhaireachtaí Tacaíochta Réigiúnacha agus Saintacaíochta chun tacaíocht agus comhairle a sholáthar do thionscadail agus chun an dea-chleachtas a chur chun cinn.

Gníomhaireachtaí Tacaíochta Réigiúnacha

Bhí seacht nGníomhaireacht Tacaíochta Réigiúnacha sa bhliain 2009 ag obair ar conradh le tacaíocht theicniúil, oiliúint agus monatóireacht ar na FRCí ar fud na tíre a sholáthar. Áiríodh le saothar na nGníomhaireachtaí Tacaíochta Réigiúnacha cúnamh chun dea-chleachtas a chur chun cinn agus chun caighdeáin a leagan do shaothar na FRCí lena n-áirítear nósanna imeachta Boird, cleachtas fostaíochta agus cleachtais chuideachta agus cuntasaíochta; saothar le FRCí um dhréachtú a bpleananna oibre trí bliana; monatóireacht ar fheidhmíocht na FRCí agus aiseolas a thabhairt don FSA i leith dhul chun cinn na n-ionad. Thacaigh na Gníomhaireachtaí Tacaíochta Réigiúnacha freisin le roinnt tionscadal nua trí oiliúint agus tacaíocht a sholáthar do bhunú Coistí Bainistíochta nua agus i gcomhairliúchán Pobail agus in anailís éileamh pobail. Seachadadh oiliúint freisin i réimse limistéar lenar áiríodh forbairt pobail, dlí na gcuideachtaí agus reachtaíocht fostaíochta

Sainghníomhaireachtaí Tacaíochta

Thacaigh cúig shainghníomhaireacht leis na FRCí ina gcuid saothair sa bhliain 2009. Choimisiúnaigh an FSA iad chun seirbhísí a sholáthar do na FRCí thar réimse limistéar lena n-áirítear feasacht míchumais agus oiliúint foirne/oibrithe deonacha sa tacaíocht phearsanta do dhaoine le míchumais (DESSA), oilúint agus feasacht foirne/oibrithe deonacha chun spreagadh a thabhairt do rannpháirtíocht an Lucht Siúil (Pavee Point), tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh dá mbaineann foréigean baile (Women's Aid), tacaíocht a thabhairt do bhaill teaghlaigh dá mbaineann mí-úsáid drugaú (Family Support Network), tacaíocht agus cumasú FRCí chun forbairt pobail bunaithe ar na healaíona a leabú ina gcuid saothair (Blue Drum).

5.4 Deontais do Sheirbhísí Comhairleoireachta Pósta, Leanaí agus Méala

Is í an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a riarann an Scéim Deontas le hEagrais Deonacha a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairleoireachta Pósta, Leanaí agus Méala. Is ag an nGníomhaireacht atá freagracht as tacaíocht, cur chun cinn agus forbairt sholáthar na seirbhísí comhairleoireachta pósta agus caidrimh, ullmhúcháin phósta agus tacaíochta teaghlaigh.

Leithdháileadh €11.37m san iomlán don Scéim Deontas san iomlán i rith na bliana 2009.

Leithdháileadh an chistithe

Fuarthas 614 iarratas san iomlán ó eagrais a fhéachann le cistiú deontais a fháil, ar faomhadh le 597 díobh i gcomhair íocaíochta (faomhadh le 599 díobh i gcomhair íocaíochta sa bhliain 2008). Bhí 74 de na heagrais sin ag déanamh iarratais ar chistiú deontais den chéad uair. B'fhiú ní ba mhó ná €21.5m an méid iomlán cistithe a raibh na heagrais á lorg sa bhliain 2009.

Tosaíochtaí a rialaíonn leithdháiltí cistithe

- Tacaíocht leanúnach airgeadais na soláthróirí seirbhísí bunaithe móra ionad gur féidir leo coinneáil orthu a gcuid seirbhísí a sholáthar agus a fhorbairt.
- Tacú le bunú líonra réigiúnaigh de sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh trí infheistíocht sna soláthróirí seirbhíse áitiúla in eochair-cheantair ar fud na tíre.
- Béim ar thacaíocht a thabhairt do sholáthróirí san pobail faoi mhíbhuntáiste.

Miondealú an chistithe

Is é seo a leanas miondealú an leithdháilte iomláin chistithe ar sheirbhísí éagsúla :-

Catagóir Deontais	**Méid cistithe**
Comhairleoireacht Pósta	€6.532
Ullmhúchán Pósta	€ 791
Comhairleoireacht Leanaí	€1.623
Méala	€2.427



Cistiú Ilbhliantúil

Roghnaíodh 29 eagras do chistiú ilbhliantúil, ag cloí le moltaí Thuarascáil Petrus, arna coimisiúnú ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh. Fuair na heagrais a roghnaíodh cistiú arbh fhiú ní ba mhó ná €60,000 é sa bhliain 2008, bhí siad seanbhunaithe agus teist mhaith acu.

Ligfidh an cistiú ilbhliantúil d'eagrais:

- pleanáil laistigh de chreatlach ama áirithe.
- seirbhís cáilíochta a sheachadadh
- cobhsaíocht a chuir leis an earnáil
- cobhsaíocht a thabhairt dá bhfoireann

Tugadh ceadú do 29 eagras mór sa bhliain le haghaidh cistithe ar fiú €7,863,760 é.

Measúnú Seirbhísí

Tugadh cuairt ar thuairim 33 eagras ar fud na tíre sa bhliain 2009 chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán agus cineál na seirbhíse a sholáthraítear. Caighdeán sásúil trí chéile a fuarthas do na seirbhísí a sholáthair na heagrais sin sásúil.

Éascaíonn na cuairteanna sin d'fhorbairt líonra teagmhálacha le tuairimí aiseolais don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh i leith fhorbairt na seirbhísí amach anseo.

5.5 Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh

Is ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freisin atá an fhreagracht as an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh, ar seirbhís shaor in aisce, ghairmiúil agus rúnda í do lánúineacha, idir lánúineacha pósta agus neamhphósta, atá tar éis teacht ar chinneadh idirscaradh nó colscaradh a fháil agus óna dteastaíonn caibidlíocht a dhéanamh ar théarmaí a n-idirscartha nó a gcolscartha le cúnamh ó idirghabhálaí oilte. Tá an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh ar fáil freisin do dhaoine aonair nach raibh ina gcónaí le chéile riamh ach a bhféadfadh cúram tuismitheoireachta bheith orthu agus gur mhian leo teacht faoi idirghabháil chun socruithe tuismitheoireachta agus teagmhála a chaibidliú; tá sé ar fáil do lánúineacha comhghnéis atá ag scaradh óna chéile freisin. Is féidir leis an idirghabháil bheith ina cúnamh freisin le saincheisteanna teaghlaigh eile ar nós rochtana ag seantuismitheoirí ar gharleanaí tar éis idirscartha, agus saincheisteanna a bhaineann le leanaí faoi chúram idir tuismitheoirí nádúrtha agus tuismitheoirí altrama.

Cuidíonn an idirghabháil teaghlaigh le lánúineacha idirscartha chun féachaint ar na hacmhainní agus roghanna atá ann dóibh agus chun teacht ar chomhaontú a shásaíonn éilimh agus leasanna na lánúine agus éilimh agus leasanna a leanaí.

An Próiseas Idirghabhála

Buaileann an t-idirghabhálaí leis na cliaint i dteannta a chéile nuair a thagann siad chun an Ionaid Idirghabhála Teaghlaigh. Míníonn an t-idirghabhálaí sa phróiseas seo:

- gurb iad na cliaint atá mar chinnteoirí an phróisis
- is é ról an idirghabhálaí a gcuid comhchainteanna a éascú agus a gcaibidlíochtaí a bhainistiú
- ní comhairleoir ná comhairleoir dlí é an t-idirghabhálaí

Cloiseann an t-idirghabhálaí ag an gcéad seisiún sin an fáth ar roghnaigh na cliaint an idirghabháil, na hionchais atá acu don idirghabháil agus na saincheisteanna a theastaíonn uathu plé a dhéanamh orthu chun teacht ar chomhaontú. Cruthaíonn na cliaint a gclár féin ansin i leith na saincheisteanna faoi chaibidil.

Is minic a áirítear leis na saincheisteanna d'idirghabháil teaghlaigh:

- Baile an teaghlaigh - cá mbeidh gach duine ina gcónaí agus cá mbeidh na leanaí ina gcónaí?
- Maoin eile faoi chomhúinéireacht - conas a roinnfear í sin?
- Tuismitheoireacht - cén chaoi a gcaithfiadh na leanaí am le ceachtar dá dtuismitheoirí agus cén chaoi a rachaidh tuismitheoirí i gcumarsáid lena chéile faoina leanaí?
- Tacaíocht airgeadais - an íocfar tacaíocht do pháirtí amháin nó a chéile agus do na leanaí agus cé mhéad a bheidh ag gach duine le maireachtáil?
- Pinsin - cén teidlíochtaí atá ann agus cén chaoi a leithdháilfear iad?
- Sócmhainní - cén chaoi a roinnfear na sócmhainní?

- Fiacha - cén chaoi a ndéanfaidh siad bainistiú ar fhiacha agus ar aschuir eile?
- Inneachar bhaile an teaghlaigh - conas a leithdháilfear na hinneachair?

Agus an clár socraithe is amhlaidh a sholáthraíonn na páirtithe eolas ar a riachtanais airgeadais sa todhchaí. Tugann siad bunús lena n-ioncam agus tuilleamh - b'fhéidir gurbh éigean luacháil a fháil mar a mbíonn maoin i gceist. B'fhéidir go gcaithfí comhairle airgeadais a lorg má tá saincheisteanna airgeadais nó luachálacha cuideachta casta ann, chomh maith le luach agus sochair aon scéime pinsin. B'fhéidir go gcaithfeadh na páirtithe comhairle dlí a lorg i gcaitheamh na hidirghabhála murar fhéach siad leis an gcomhairle sin a fháil.

Dréachtaíonn an t-idirghabhálaí Nóta Comhaontaithe Idirghabháilte nuair a thagann na páirtithe ar chomhaontú éigin. Is féidir leis na cliaint an Nóta Comhaontaithe Idirghabháilte a thabhairt leo go dtína n-aturnaetha faoi seach ansin lena dhréachtú ina Ghníomhas Idirscartha. Is féidir idir dhá agus sé sheisiún bheith i gceist leis an idirghabháil teaghlaigh, ag brath ar leibhéal na cumarsáid idir na páirtithe agus ar chastacht na saincheisteanna lena mbaineann. Tugtar cuireadh do lánúineacha le leanaí ag deireadh an phróisis iad a thabhairt leo chun na socruithe ar ar aontaíodh don todhchaí a mhíniú dóibh ionas go mbíonn siad cinnte gurb a leas-san atá i gcroí-lár na socruithe sin.

Tá sé ionad déag ar fud na tíre ag Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh na Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh. Tá ionaid lánaimseartha na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh i gCorcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Luimneach; agus tá ionaid pháirtaimseartha na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh i mBaile Áth Luain, Baile Bhlainséir, Caisleán an Bharraigh, Dún Dealgan, Leitir Ceanainn, Port Laoise, Ráth Eanaigh, Sligeach, Tamhlacht, Trá Lí, Port Láirge agus Loch Garman. D'athlonnaigh an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh a hoifig i Luimneach chuig an 3ú hUrlár, River Point, Sráid Mhala Íochtarach i mí an Mhárta 2009.

Tá an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh tar éis bheith i mbun feidhme le 23 bliain anuas idir 1986 agus 2009, agus is trí shamhail gach saincheist na hidirghabhála a shaothraíonn sí faoi mar a léirítear thuas. Tá an tseirbhís tar éis plé le líon tarchur méadaitheach ó na cúirteanna le blianta beaga anuas. Pléitear saincheisteanna tuismitheoireachta idir tuismitheoirí neamhphósta i dtromlach na dtarchur úd.

Sonraí staitistiúla

Bhain 250 lánúin ar an meán leas as an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh idir na blianta 1986-1996. Tá méadú drámatúil tar éis teacht ar líon úsáideoirí na Seirbhíse le himeacht na mblianta. Chuaigh an tSeirbhís i ngleic le beagnach 1,400 lánúin sa tréimhse idir Eanáir agus Nollaig 2009. Thug 508 díobh siúd an próiseas chun críche le teacht ar chomhaontú; ní dheachthas ar aghaidh le 336 eile tar éis an tseisiúin iontrála, d'fhill 52 acu ar a bpósadh agus cuireadh fuílleach na lánúineacha ar aghaidh chuig an mbliain 2010. Tugtar thíos na staitisticí iomlána don bhliain 2009:

Ar fud na tíre

Lánúineacha ar tugadh cúnamh dóibh sa bhliain 2009	Lánúinseacha a chuir críoch leis an bpróiseas idirghabhála	Líon na lánúineacha nach ndeachaigh ar aghaidh tar éis iontrála
1396	817	336

2009	Líon na Lánúineacha ag glacadh rannpháirte in idirghabháil	Thángthas ar Chomhaontú	Filleadh ar an bPósadh	Níor chríochnaigh an idirghabháil
Iomlán	817	508	52	257
Iomlán mar %	100%	62%	6%	32%

Réigiún an Oirthir - Baile Átha Cliath, Dún Dealgan, Ráth Eanaigh, Baile Bhlainséir agus Baile Munna

2009	Líon na Lánúineacha ag glacadh rannpháirte in idirghabháil	Thángthas ar Chomhaontú	Filleadh ar an bPósadh	Níor chríochnaigh an idirghabháil
Iomlán	328	197	14	117
Iomlán mar %	100%	60%	4%	36%

Réigiún an Iarthair - Gaillimh, Caisleán an Bharraigh, Sligeach agus Leitir Ceanainn

2009	Líon na Lánúineacha ag glacadh rannpháirte in idirghabháil	Thángthas ar Chomhaontú	Filleadh ar an bPósadh	Níor chríochnaigh an idirghabháil
Iomlán	182	96	9	77
Iomlán mar %	100%	53%	5%	42%

Réigiún an Mheán-Iarthair - Luimneach, Áth Luain, Port Laoise agus Tamhlacht

2009	Líon na Lánúineacha ag glacadh rannpháirte in idirghabháil	Thángthas ar Chomhaontú	Filleadh ar an bPósadh	Níor chríochnaigh an idirghabháil
Iomlán	150	113	9	28
Iomlán mar %	100%	75%	6%	19%

Réigiún an Deiscirt - Corcaigh, Port Láirge, Loch Garman agus Trá Lí

2009	Líon na Lánúineacha ag glacadh rannpháirte in idirghabháil	Thángthas ar Chomhaontú	Filleadh ar an bPósadh	Níor chríochnaigh an idirghabháil
Iomlán	157	102	20	35
Iomlán mar %	100%	65%	13%	22%

5.6 Taighde

Leanadh ar aghaidh le forbairt cláir thaighde na Gníomhaireachta sa bhliain 2009. Tugadh chun críche go leor de na tionscadail a tionscnaíodh sna blianta roimhe sin nó tá siad ag teacht chun na céimeanna deiridh dá bhforbairt. Rinneadh na gníomhaíochtaí taighde trí chúnamh deontais a thabhairt do thaighde sna heagrais le cumas taighde iontu, coimisiúnú díreach an taighde agus an chistithe i gcomhair cláir urraíochta taighde.

Taighde faoi Chabhair Dheontais

Tugtar cuireadh d'eagrais le cumas taighde iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin gClár um Ghlaoch ar Thaighde, chun dul i mbun buntaighde ar shaincheisteanna atá ábhartha do shainchúram na Gníomhaireachta. Thug an Ghníomhaireacht cuireadh d'iarratais ar dheontais taighde sna blianta 2006, 2007 agus 2008. Cistíodh 4 thionscadal san iomlán tríd an mbealach sin. Tugadh trí cinn de na tionscadail sin chun críche go hiomlán sa bhliain 2009, ar foilsíodh ceann amháin acu le linn na bliana. Cuirfear dhá thuarascáil deiridh eile ar fáil sa bhliain 2010.

Tacú le Teagmháil Leanaí: An Gá le hIonaid Teagmhála Leanaí in Éirinn *(Teaghlach Amháin)*
Ceadaíodh do chistiú an tionscadail sin sa bhliain 2007. Baineann réamh-thaiscéaladh ar theagmháil leis, arna sainmhíniú mar thacaíocht "do thuismitheoirí agus leanaí nach gcónaíonn le chéile chun coinneáil i dteagmháil lena chéile thar réimse imthosca". Críochnaíodh an staidéar agus d'fhaomh an Bord leis an dréacht-tuarascáil deiridh don staidéar i gcaitheamh na bliana 2009.

Agus foilsiú na tuarascála deiridh sceidealaithe do thús na bliana 2010, d'aontaigh Bord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh cistiú a rannchur do 2 ionad teagmhála phíolótacha, de réir moltaí na tuarascála.

The Role of Grandparents in Divorced and Separated Families *(Virpi Timonen, Martha Doyle agus Ciara O'Dwyer, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath)*
Faomhadh leis an staidéar seo dá chistiú sa bhliain 2008 agus is ann a fhéachtar leis an gcaoi a dtéann an colscaradh nó idirscaradh i bhfeidhm ar chaidrimh idir-ghlúnta sa ghlúin 'láir', trí mheán staidéir cháilíochtúil ar thaithí 31 seantuismitheoirí a bhfuair a gcuid leanaí colscaradh/idirscaradh.

Ba é an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a sheol an tuarascáil i mí na Samhna 2009, agus tá sí ar fáil lena híoslódáil ó láithreán gréasáin na Gníomhaireachta www.fsa.ie.

Tá an Fóram FRC, an scátheagras do na hIonaid Acmhainne Teaghlaigh arna gcistiú ag an nGníomhaireacht, chun iniúchadh a dhéanamh arbh fhéidir meicníochtaí a bhunú leis na FRCí le haghaidh a thabhairt ar éilimh na seantuismitheoirí a aithníodh sa staidéar.

Family Dynamics and Family Types in Ireland, 1986-2006 *(Pete Lunn, ESRI agus Tony Fahey, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus Carmel Hanna)*
Tar éis faomhadh an chistithe sa bhliain 2007 is amhlaidh a ceadaíodh rochtain rialaithe agus chomhoibritheach do thionscnóirí an staidéir seo ar Chomhad Taighde Micrea-shonraí Dhaonáireamh 2006 ar bhonn píolótach. Ba í sin an chéad uair ar tugadh an rochtain sin do bhuntaighde in Éirinn, agus éascaíodh d'anailís chuimsitheach chainníochtúil ar shonraí Daonáirimh chun deitéarmanaint struchtúirí teaghlaigh éagsúla a thaiscéaladh ó réimse saintréithe cúlra.

Foilseofar an tuarascáil go luath sa bhliain 2010 tar éis a faofa ag an mBord ag deireadh na bliana 2009.

Changing Gender Role Attitudes and Behaviour: Implications for Family Formation in Ireland *(Margret Fine-Davis, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath))*
Tugadh faomhadh do chistiú an tionscadail 2 chéim sin thiar sa bhliain 2008. Is é cuspóir an staidéir dearcthaí daoine ar chruthú teaghlaigh a iniúchadh i gcomhthéacs na n-athruithe um dhearcthaí agus iompar i leith róil inscne agus na n-athruithe déimeagrafacha atá ag tarlú ón mbonn aníos in Éirinn.

Dearadh an chéad chéim den tionscadal, lenar bhain suirbhé cáilíochtúil ar 48 fear agus bean, chun samhail choincheapúil a fhorbairt le forbairt staidéir chainníochtúil (céim 2) - ar staidéar níos ionadaíche agus níos mó é - a mhúnlú i ndearcthaí reatha do chruthú teaghlaigh in Éirinn. Tá an Bord tar éis faomhdh don Tuarascáil ar an gcéim cháilíochtúil chomhlíonta den tionscadal, agus beidh sí ar fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta go luath sa bhliain 2010.

Rachfar i mbun (an dara) céim chainníochtúil den tionscadal, lena mbainfidh suirbhé ar 1,000 duine go náisiúnta amach sa bhliain 2010.

Taighde Coimisiúnaithe

Measúnú ar rannchur na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh
Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2009 leis an saothar ar cuireadh tús leis sa bhliain 2008, arna choimisiúnú ag an nGníomhaireacht chun measúnú a dhéanamh ar rannchur Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh na Gníomhaireachta. Tá Bord na Gníomhaireachta ag breithniú na dréacht-tuarascála deiridh a tugadh don Ghníomhaireacht i gcaitheamh na bliana, féachaint leis na bearta iomchuí a mholtar inti a chur chun feidhme.

Forbairt Straitéise Taighde Teaghlaigh
Chonacthas ag tús na bliana 2009 tús á chur le saothar ar an tionscadal arna choimisiúnú ag an nGníomhaireacht chun straitéis a fhorbairt don taighde teaghlaigh in Éirinn le gníomhaíochtaí taighde teaghlaigh a threorú, lena n-áirítear iad siúd arb í an Ghníomhaireacht féin a bheidh ina mbun. B'éigean don tairgeoir rathúil faoi na téarmaí tagartha sonracha forbhreathnú cuimsitheach ar thaighde teaghlaigh in Éirinn a sholáthar, agus straitéis a fhorbairt don taighde sin bunaithe ar anailís den éileamh reatha agus réamh-mheasta do thaighde teaghlaigh agus ag tabhairt san áireamh cleachtadh an taighde teaghlaigh i ndlínsí eile. Cuid den tionscadal sin is ea forbairt bunachair shonraí de thaighde teaghlaigh ón mbliain 1998 i leith.

Cuireadh an dréacht-tuarascáil deiridh, in éineacht leis an mbunachar sonraí éigeantach, faoi bhráid Bhord na Gníomhaireachta ag deireadh na bliana 2009. Táthar ag dúil go mbeidh an tuarascáil agus an bunachar sonraí ar thaighde teaghlaigh ar fáil go luath sa bhliain 2010, ach a mbeidh an dréacht-tuarascáil faofa.

Clár Urraíochta Taighde

Thionscain an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a Clár Urraíochta Taighde sa bhliain 2008 chun cumas taighde a fhorbairt sa lucht acadúil i réimse/réimsí taighde ábhartha.

Dámhadh cistiú 2 bhliain thiar sa bhliain 2008 ar PhD a bhain le tionscadal a rinne iniúchadh ar 'Inimirce, Aitheantas & Caidrimh Phobail Leanaí'. Rinneadh dul chun cinn maithe ar an tionscadal sa bhliain 2009.

Dearbhú Cáilíochta

Faoi bhun gach gníomhaíocht taighde atá an t-éileamh caighdeáin cháilíochta a chinntiú trí na próisis as a mbaintear leas chun dul i mbun taighde agus na torthai taighde a ghintear araon. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí a dhírítear ar ghnóthú an méid sin i rith na bliana 2009 measúnú ar chúnamh taighde teicniúil nuair is gá agus athbhreithniú piaraí ar gach aon taighde d'fhonn faomhadh a fháil ó Bhord na Gníomhaireachta.

5.7 Eolas

Lean an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ar aghaidh sa bhliain 2009 lena ról chun eolas a chothú agus a scaipeadh i leith saincheisteanna i ndáil le hoideachas pósta agus caidrimh, idirghabháil teaghlaigh, tuismitheoireacht agus cúraimí teaghlaigh agus nithe gaolmhara nach iad.

Tionscadail Chomhoibritheacha

Tá an Ghníomhaireacht tar éis roinnt caidreamh comhoibritheach a fhorbairt le heagrais eile, idir chinn reachtúla agus neamhreachtúla, rud a chuir ar chumas na Gníomhaireachta na saincheisteanna ar ábhartha dá sainchúram Eolais iad a chur ar aghaidh. Sholáthair an Ghníomhaireacht cistiú agus cúnamh sa bhliain 2009 do Barnardos in dá thionscadal shonracha.

Bunachar Sonraí Náisiúnta na gClár Tuismitheoireachta

Thug an Ghníomhaireacht cistiú do Barnardos chun a Bhunachar Sonraí de Chláir Thuismitheoireachta a fhorbairt, ina soláthraítear mionsonraí cúrsaí tuismitheoireachta ar fud na tíre. Ba í an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Iníon Mary Hanafin, T.D. a sheol an bunachar sonraí thar i mí na Bealtaine 2009. Is féidir teacht ar Bhunachar Náisiúnta na gClár Tuismitheoireachta ag www.barnardos.ie/parentingcourses

Tuismitheoireacht Dhearfach

Is clár eolais tuismitheoireachta é "Tuismitheoireacht Dhearfach" arna fhorbairt trí chomhoibriú leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus le Barnardos thar roinnt blianta. Ba shraith 9 leabhrán a bhí sa chéad chéim den chlár inar soláthraíodh eolas agus treoir do thuismitheoirí leanaí idir **6 agus 12 bliain d'aois,** a seoladh thiar i mí na Samhna 2007.

Tugadh an saothar ar Chéim a dó den Chlár chun críche sa bhliain 2009, arb í aidhm an Chláir sin tacú le tuismitheoirí **déagóirí** trí mheán leabhrán do thuismitheoirí agus ábhar atá ar fáil go leictreonach a dhírítear ar dhéagóirí, arbh iad na cleachtóirí le taithí sna limistéir ábhartha a d'fhorbair iad. Deartar na 4 leabhrán do thuismitheoirí déagóirí chun tacaiocht a sholáthar do na tuismitheoirí úd le dul i ngleic leis na hiarmhairtí agus dúshláin a fhéadann teacht aníos agus le caidrimh dhearfacha a shaothrú lena leanbh is déagóir. Is iad na saincheisteann a bpléitear sna leabhráin leo:

- Folláine Déagóirí do Thuismitheoirí Déagóirí
- Cúnamh le Déagóirí dul i ngleic le hIdirscaradh
- Cúnamh le Déagóirí dul i ngleic leis an mBás
- Cúnamh le Déagóirí dul i ngleic leis an Mí-Úsáid Baile

Is nasc saintiomanta é "Teenhelp**"**, http://www.barnardos.ie/teenhelp, arna óstáil ar láithreán gréasáin Barnardos, chun eolas agus tacaíocht a sholáthar do dhéagóirí thar réimse saincheisteanna a bhféadann siad teacht orthu i gcaitheamh na gcéimeanna éagsúla dá mblianta déagóireachta. Cumhdaíonn an t-eolas gréasán-bhunaithe:

- Folláine Déagóirí
- Idirscaradh Tuismitheora
- Bás
- Mí-Úsáid Baile

Aguisín 1 Cruinnithe Boird sa bhliain 2009 agus Fo-Ghrúpaí Boitd

1. Cruinnithe Boird

26 Eanáir	23 Feabhra	6 Aibreán
27 Aibreán	20 Lúnasa	28 Meán Fómhair
30 Deireadh Fómhair	30 Samhain	21 Nollaig

2. Fo-Ghrúpaí Boird

Fo-Ghrúpa	**Baill**
Coiste Iniúchta	Dick Hickey (Cathaoirleach), Muriel Walls, Helen Faughnan,
Comhairleoireacht	Colm O'Connor (Cathaoirleach), Bríd Rocks, Dick Hickey
Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh	Muriel Walls (Cathaoirleach), Geoffrey Corry, Marie Fenlon, Dick Hickey, Colm O'Connor, Helen Faughnan
Ionaid Acmhainne Teaghlaigh	Bríd Rocks (Cathaoirleach), Marie Fenlon, Helen Faughnan, Dick Hickey,
Eolas & Pleanáil Straitéiseach	Dick Hickey (Cathaoirleach), Geoffrey Corry, Bríd Rocks
Coiste Oireachtais	Michael O'Kennedy (Cathaoirleach), Muriel Walls, Pat Bennett, Bill O'Dea, Polly Phillimore
Taighde	Helen Faughnan (Cathaoirleach), Caroline Murphy, Geoffrey Corry, Colm O'Connor

Aguisín 2 Feidhmeanna Reachtúla

Leagtar amach thíos feidhmeanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh, arna bhforordú san Acht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh 2001, Cuid 4:

4. (1) Is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta -

(*a*) seirbhís idirghabhála teaghlaigh a sholáthar,

(*b*) de réir mar a mheasann an Ghníomhaireacht bheith éigeantach nó fóirsteanach, soláthar -

(i) idirghabhála teaghlaigh trí cibé duine eile agus a mheasann sí bheith cuí,

(ii) oiliúna san idirghabháil teaghlaigh, tríd féin nó trí cibé duine eile mar a mheasann sí bheith cuí,

(*c*) chun soláthar comhairleoireachta pósta agus caidrimh agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a thacú, a chur chun cinn agus a fhorbairt,

(*d*) chun eolas a chur chun cinn agus a scaipeadh faoi shaincheisteanna i ndáil le hoideachas pósta agus caidreamh, le hidirghabháil teaghlaigh, cúraimí tuismitheoireachta agus teaghlaigh agus nithe gaolmhara agus chun comhoibriú ina leith sin le húdaráis phoiblí eile chun eolas a sholáthar le cúnamh a thabhairt do dhaoine a gcúraimí oibre agus teaghlaigh a chothromú,

(*e*) chun Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail, Clár Ionaid Acmhainne an Aire a thacú, a chur chun cinn agus a fhorbairt,

(*f*) chun taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú in ábhair i ndáil lena feidhmeanna nó le hábhair eile de réir mar a iarrann an tAire,

(*g*) comhairle, eolas agus cúnamh a sholáthar ach iarratas a fháil ón Aire nó dá dheoin féin, don Aire i ndáil le forbairt aon ghné dá feidhmeanna,

(*h*) cúnamh airgeadais a sholáthar, faoi réir thoil an Aire, agus de réir na gcritéar a bhunaítear faoi *chuid 7*, do chomhlachtaí deonacha i ndáil le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta agus chun riaradh chun na críche sin—

(i) scéim an Aire ar a dtugtar an Scéim Deontas le hEagrais Deonacha a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairleoireachta Pósta, Leanaí agus Méala.

(ii) chlár an Aire ar a dtugtar Clár Ionaid Acmhainne Seirbhísí Pobail agus Teaghlaigh, agus

(iii) scéimeanna, deontais agus saoráidí eile dá leithéid faoi chomhair cúnaimh airgeadais, de réir mar a fhéadann an tAire a údarú, ó thráth go chéile, tar éis comhairliúcháin leis an Aire Airgeadais,

(*i*) pleananna straitéiseacha a ullmhú de réir *chuid 9*,

(*j*) aon fheidhm breise eile a shanntar don Ghníomhaireacht faoi *Chuid 5*

4. (2) Féachfaidh an Ghníomhaireacht, agus na feidhmeanna a bhronntar uirthi leis an Acht seo nó faoi á gcomhlíonadh –

(*a*) don ghá cúnamh go sonrach le daoine a bhaineann le próiseas an idirscartha agus an cholscartha chun teacht ar chomhaontú de réir mar is féidir, go háirithe i ndíospóidí lena mbaineann leanaí.

(b) don ghá le comhoibriú le húdaráis phoiblí agus comhlachtaí deonacha ábhartha eile

(c) do bheartas an Rialtais, agus go háirithe an beartas cuimsitheachta sóisialta.

4. (3) Beidh cibé cumhacht ag an nGníomhaireacht agus is gá nó is teagmhasach do chomhlíonadh a feidhmeanna faoin Acht seo.

Aguisín 3 Struchtúr Eagrúcháin agus Foirniú

Pat Bennett **Príomhfheidhmeannach**

1. Seirbhísí Corparáideacha		**2. Taighde**		**3. Eolas**	
Bill O'Dea	AP	Aideen Mooney*	AP	Folúntas	AP
Deirdre Fradl	HEO	Deirdre Roche EO			
Anne O'Riordan	HEO	(Taighde & Eolas)			
Niamh Egan	EO				
Michael Hanrahan	CO				

4. Ionaid Acmhainne Teaghlaigh agus Deontais Chomhairleoireachta

Christina O'Connor AP

Ionaid Acmhainne Teaghlaigh		**Deontais Chomhairleoireachta**	
Rita Fitzsimons	HEO	Olive Shanley	HEO
Imelda Martin	EO	Marian Finn	EO
Ann Butler	EO	Greg Ryan	CO
Siobhán Kennedy	CO		

5. 5.5 Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh

Comhordaitheoir Seirbhíse Polly Phillimore

Comhordaitheoirí Ceantair Ann O'Kelly*
Carmel Savage
Jim Sykes*
Sheila Healy

Idirghabhálaithe

Yvette O'Malley* .	Jane Mc Colgan*	Marie Keely*
Anna Slattery*	Julie Mc Auliffe *	Martin Long*
Claudia Greene*	Karen Canny*	Niamh Lehane*
Collette Morrison*	Karen Markey*	Patricia Bolton*
Colma Nic Aodha Bhui*	Karen Quirke*	Patricia Fleming*
Eimear Hayden*	Lyle Mc Elderry*	Paula Desmond*
Fiona Mc Auslan*	Majella Foley-Friel*	Rosemary Hanratty*
Geoffrey Corry*	Mary Earley*	

Riarachán
Anne Troy* / Antoinette O'Donovan* SO

Oifigigh Chléireachais

Angela Comerford*	Collette O'Connor*	Marie Geraghty*	Rachel O'Donovan
Ann Connor*	Evelyn Mc Garrigle*	Martina Doyle*	Sandra Murphy*
Sandra Murphy*	Helen Golden*	Michelle Coyle-Henry*	Sandra Moran*†
Catherine Kavanagh*	Mairin Ui Fhaoilin*	Noelle O Connell*	Tara O'Connell*
Cecilia Maguire*	Margaret Farrell*	Noreen Mullin*	Margaret Tierney
Claire Connelly			

* Nod d'fhoireann pháirt-aimseartha/postroinnte

Aguisín 4 Áitreabh

Ceanncheathrú na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh

Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Fón: 01-6114100
Láithreán Gréasáin *www.fsa.ie*
Ríomhphost: info@fsa.ie

Oifigí Lánaimseartha na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh

Corcaigh - Teach Hibernian, 80A An Meal Theas, Corcaigh
Fón: 021-4252200

Baile Átha Cliath – Urlár 1, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Fón: 01-6344320

Gaillimh - Urlár 1, Teach Ross, Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh
Fón: 091-509730

Luimneach- 3ú hUrlár, Riverpoint, Sráid Mhala Íochtarach, Luimneach
Fón: 061 - 214310

Oifigí Páirtaimseartha na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh

Baile Átha Luain –Suite 10, An Chéad Urlár, Ionad Gnó Inis Carraig, Golden Island, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Fón: 090 - 6420970

Baile Bhlainséir - Teach West End, Páirc Gnó West End, Síneadh Bóthair Snugborough, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
Fón: 01-8118650

Caisleán an Bharraigh -F/c Ionaid Teaghlaigh, Sráid an tSéipéil, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
Fón: 094 - 9035120

Dún Dealgan- 10 Baile na Trá, Dún Dealgan, Co. Lú
Fón: 042 - 9359410

Leitir Ceanainn – 3^{ú} hUrlár, Teach Riverfront, Bóthar an Phiarsaigh, Leitir Ceanainn
Fón: 074-9102240

Port Laoise – Leibhéal 2, Teach Grattan, Ionad Gnó Grattan, Port Laoise, Co. Laoise
Fón: 057-8695730

Ráth Eanaigh - Teach Skillings, oifigí 1^{ú} urlár, Ionad Siopadóireachta Ráth Eanaigh, Bóthar Bhinn Éadair, Baile Átha Cliath 5
Fón: (01) 8510730

Sligeach- Level 6, Ionad Siopadóireachta Thaobh na Cé, Sráid an Fhíona, Baile Shligigh.
Fón: (071) 9154260

Tamhlacht - The Rere, Ionad Seirbhísí Sóisialacha Thamhlachta, An Chearnóg, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
Fón: 01-4145180

Trá Lí – Aonad 2, Market Place, Sráid na Mainge, Trá Lí, Co. Chiarraí
Fón: 066-7186100

Port Láirge – 13B Teach Wallace, Geata Maritana, Sráid Cheanada, Port Láirge
Fón: 051 - 860460

Loch Garman – 32 An Ché Thiar, Cé Theach an Chustaim, Loch Garman
Fón: 053 - 63050

Aguisín 5 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2009